# MO CHONAIR GHAIRME ALLAYNE

poistphoiblí
publicjobs

# Is Oifigeach Riaracháin í Allayne san Aonad um Fheidhmíocht Cúraim Leanaí agus Obair Shóisialta sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

“Tá éagsúlacht mhór oibre san earnáil phoiblí agus sa státseirbhís, agus is féidir difríocht mhór a dhéanamh i saol daoine eile. Tá deis iontach ann chomh maith chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh agus tá an cumas ann gairm bheatha leathan agus éagsúil a bheith agat.”

poistphoiblí
publicjobs



Nuair a chríochnaigh mé an tArdteistiméireacht, chuir mé iarratas isteach ar chúrsa portfóilió ealaíne toisc nár éirigh liom na cúrsaí a raibh ag teastáil uaim a fháil tríd an Lár-Oifig Iontrála. Rinne mé dioplóma dhá bhliain i Léiriú Scannán i gColáiste Bhaile Formaid (BCFE) – cúrsa iontach a bhí ann, ach níor thaitin míshocracht na hearnála liom.

D’oibrigh mé san earnáil miondíola ar feadh cúpla bliain, ag obair i siopa cíosa físeáin, agus ansin fuair mé post mar Chúntóir Leabharlainne i Leabharlanna Cathair Bhaile Átha Cliath.

D’fhoghlaim mé conas obair a dhéanamh le daoine de gach saghas, toisc go gcuireann seirbhísí leabharlainne seirbhísí tábhachtacha saoir in aisce ar fáil do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Rinne mé obair dheonach chomh maith le ceardchumann na hearnála poiblí, IMPACT, agus bhí baint agam i mbunú gréasáin fhoirne LADT Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.



Rinne mé an cinneadh filleadh ar an ollscoil agus thóg mé sos oibre chun céim onóracha i mBainistíocht Léirithe Meán i BCFE a bhaint amach. Léirigh mé sraith físagallamh le húsáideoirí leabharlainne faoin méid a cheap siad faoi na seirbhísí, agus scríobh mé mo thráchtas ar ealaíona agus taispeántais sráide.

Nuair a bhain mé mo chéim amach, bhí mé in ann iarratas a chur isteach ar an gcomórtas le haghaidh Oifigeach Riaracháin sa Státseirbhís, toisc go raibh mo chéad socrúchán sa Roinn Iompair. In éineacht le baill foirne eile, i 2019 bhunaigh mé Pride@Transport, Gréasán Foirne LADT+ na Roinne.

Idir an dá linn, chríochnaigh mé Dioplóma Gairmiúil i gCearta Daonna agus Comhionannas sa bhForas Riaracháin. I Mí na Nollag 2021, thosaigh mé ag obair sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go trí na scéime soghluaisteachta, áit ina bhfuil mé ag obair faoi láthair!



Rinne mé an cinneadh aistriú go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar bhí mé ag iarraidh obair a dhéanamh in earnáil a raibh baint níos dírí aici le ceisteanna cearta agus comhionannais. Ní raibh a fhios agam i gcónaí gur theastaigh uaim obair a dhéanamh le ceisteanna a bhain le cearta, ach ar bhreathnú siar dom, cinnte is féidir liom snáithe idir mo roghanna gairmiúla uilig a fheiceáil.

Idir obair dheonach le ceardchumann IMPACT agus ag bunú gréasáin foirne LADT, agus ag lorg saghsanna oibre ar leith i gcónaí, bhí sé soiléir dom diaidh ar ndiaidh go raibh sé seo an treo ina raibh mé ag iarraidh dul.

Oibrím le foireann d’oibrithe sóisialta agus státseirbhísigh, agus tá Príomhoibrí Sóisialta i gceannas ar ár n-aonad. Cuireann ár n-aonad comhairle maidir le hobair shóisialta ar fáil sa roinn, déanaimid monatóireacht ar fheidhmíocht TUSLA i dtaca le leas agus cosaint leanaí, agus páistí faoi chúram, agus déanaimid treorú agus anailís ar thuairiscí rialála agus ar fhorbairt páipéar polasaí.

# Sonraí an Phoist – Oifigeach Riaracháin

poistphoiblí publicjobs

| | |
|---|---|
| ROINN | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| TUARASTAL | Ag tosú ag €38,369 sa bhliain. *D'fhéadfaí an tuarastal seo a athrú |
| CUR SÍOS AR AN RÓL | Tá an tOifigeach Riaracháin mar an príomhghrád earcaíochta céimithe don Státseirbhís agus tugann sé an deis d'iarrthóirí rathúla dul chun cinn a dhéanamh go céim mheánbhainistíochta. Mar Oifigeach Riaracháin, bheadh ról tábhachtach agat i gceapadh polasaí agus straitéise i dtaca le ceisteanna eacnamaíocha, airgeadais, idirnáisiúnta, timpeallachta, agus sóisialta. Beidh an deis acu siúd a cheaptar fíor-athrú a dhéanamh sa Státseirbhís agus cúnamh a thabhairt Éire nua a cheapadh. Beidh an deis agat chomh maith tuiscint mhaith a fháil ar fhorbairt agus feidhmiú polasaí rialtais thar thréimhse ama. D'fhéadfadh go ndéanfar ceapacháin chomh maith chun tacú le feidhmeanna, m.sh. Bainistíocht Saoráidí agus Gnóthaí Corparáideacha. |
| RIACHTANAIS AN RÓIL | Essential<br>Ní mór d'iarrthóirí don ról seo, roimh nó ar an dáta dúnta:<br>(i)Céim céadonóracha nó dara honóracha (Leibhéal 8 ar a laghad sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a bheith acu<br>Agus<br>(ii)Inniúlachtaí an róil seo a léiriú. Táthar ag súil leis ó thús go mbeidh céimithe nua-earcaithe in ann cúnamh suntasach a dhéanamh d'obair na Seirbhíse Poiblí.<br><br>Chomh maith le hoideachas ar ardchaighdeán, ní mór d'iarrthóirí éifeachtacha na hinniúlachtaí riachtanacha don ról seo a léiriú, mar a leagtar amach sa Chreat Inniúlachta poistphoiblí<br>Riachtanais Cháilitheachta<br>• Riachtanais maidir le Saoránacht, Dea-Cháil & Sláinte, Grinnfhiosrúchán & Imréiteach Slándála an Gharda Síochána, agus Seiceáil Teistiméireachta a chomhlíonadh<br>• Cinntiú go gcomhlíonann siad na critéir i dtaca le hIomarcaíocht sa tSeirbhís Poiblí & sa Státseirbhís / Scéimeanna Scoir mar gheall ar Dhrochshláinte<br>• Tá an cháilitheacht chun dul in iomaíocht ar oscailt anois do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA), na Ríochta Aontaithe, na hEilvéise, nó daoine nach saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad ach a bhfuil Víosa Stampa 4 acu. |
| APPLICATION PROCESS | 1.Iarratas<br>2.Ceistneoir Measúnaithe Ar Líne<br>3.Gearrliostú<br>4.Scrúdú sampla oibre |